COMÓRADH CÉAD BLIAIN

# WICKLOW GAOL

*Trí Chéad Bliain de Stair Fhíorspéisiúil na hÉireann*





Carmel Uí Cheallaigh

MAISITHE AG *Jimmy Burns*






MAIN STREET
GAOL STREET
WICKLOW GAOL
WICKLOW
1815

Arna fhoilsiú den chéad uair in 2023 ag Comhairle Contae Chill Mhantáin
Áras an Chontae, Na Geataí Bána, Cill Mhantáin A67 FW96

© Comhairle Contae Chill Mhantáin 2023

ISBN: 978-0-9533904-6-5

Téacs © Carmel Uí Cheallaigh 2023
Maisithe ag © Jimmy Burns 2023

Tionscadal arna chomhordú ag
Cartlann & Seirbhísí Ealaíon Chomhairle Contae Chill Mhantáin

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh ná a úsáid in aon fhoirm ná ar aon mhodh, leictreonach ná meicniúil, lena n-áirítear fótachóipeáil, taifeadadh ná in aon chóras stórála agus aisghabhála faisnéise, gan cead i scríbhinn ón bhfoilsitheoir.

Nóta Buíochais don Ghrianghrafadóireacht: Príosún Chill Mhantáin, íomhánna le caoinchead ó Chomhairle Contae Chill Mhantáin

Dearadh: Alan Nolan | alannolan.ie


Clóbhualadh: Wicklow Print Solutions

Arna thacú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán faoin gClár 'Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1923' agus ag Comhairle Contae Chill Mhantáin.

COMÓRADH CÉAD BLIAIN

# WICKLOW GAOL

*Trí Chéad Bliain de Stair Fhíorspéisiúil na hÉireann*




Carmel Uí Cheallaigh

*MAISITHE AG Jimmy Burns*



*Do Alexandra.*

*Is é do bheatha ar an saol seo, a stóirín.*

# 1
# Drochthús




Rinne Péindlíthe an 17ú agus tús an 18ú haois leithcheal crua ar phobal na hÉireann, ar Chaitlicigh a bhformhór ag an am. Le cinntiú go gcuirfí na dlíthe i bhfeidhm go docht, beartaíodh príosún a thógáil i ngach contae sa tír.

Leagadh bunchloch phríosún Chill Mhantáin sa bhliain 1702. Luaitear an príosún den chéad uair i miontuairiscí chomhairle an bhaile in 1709, áit a thaifeadtar gur caitheadh 2 scilling, 6 pingine ar choinnle agus tuí a cheannach do ghrúpa príosúnach Francach. Ceaptar anois gur mhairnéalaigh a bhí iontu de chuid long bhriste, agus go raibh siad á gcoimeád ansin.

Tógadh an foirgneamh atá ina sheasamh anois ar shuíomh an tseanphríosúin sin agus cuireadh leis sa tréimhse 1820 go 1843.

Is é an Sagart Owen McFee, fear dhá bhliain is seachtó d'aois, an chéad phríosúnach a bhfuil taifead ann ina leith, agus é ag fanacht lena dhíbirt chuig coilíneacht de chuid na Breataine i Meiriceá in 1716. An t-aon choir amháin a rinne sé, is cosúil, ná an tAifreann a léamh.



Sna blianta tosaigh, coinníodh fir, mná agus páistí, iad siúd a triaileadh nó nár triaileadh, iad siúd a raibh ar a gciall nó as a meabhair, ar mhullach a chéile in aon chillín beag amháin. Ní raibh saoráidí cearta leithris ná níocháin, aer úr ná deiseanna aclaíochta acu. Ní nach ionadh mar sin gur scaip an 'fiabhras príosúin', galar an-tógálach, go tiubh taobh istigh agus taobh amuigh den phríosún.

I measc na n-airíonna a bhain leis an bhfiabhras, bhí teocht ard, tinneas cinn, agus gríos craicinn. Scaip an galar trí mhíolta a bheith ag aistriú ó cholainn go colainn sa phríosún róphlódaithe. Bhí imní chomh mór ar na gardaí príosúin faoin ngalar seo gur thréig siad na príosúnaigh a raibh an galar orthu. Uaireanta fiú phléasc siad púdar gunna sna cillíní ag iarraidh, gan tairbhe, an galar a dhíothú. Sna 1700í, is amhlaidh go raibh cuid mhór de na gardaí príosúin cam. Ina lán cásanna, dhéantaí éadach na bpríosúnach nua a ghoid uathu. Tharla nár cuireadh culaith ar bith ar fáil do na príosúnaigh, bhí an baol ann go mbeadh siad préachta leis an bhfuacht, gan trácht ar an náire a d'fhulaing siad dá bharr! Cé go bhfuair na gardaí íocaíocht idir £20 agus £30 sa bhliain chun bia, soilsiú agus cóir leapa a chur ar fáil do na príosúnaigh, baineadh airgead sa bhreis ó na príosúnaigh mar chúiteamh ar na bunriachtanais seo. Is minic a chuir na gardaí lena n-ioncam pearsanta chomh maith trí chead a thabhairt don chearrbhachas i measc na bpríosúnach, alcól a dhíol leo nó táillí a ghearradh ar phríosúnaigh sular fhág siad an príosún. Ós rud é go raibh go leor de na príosúnaigh agus a dteaghlaigh á gcoimeád sa phríosún de bharr drochfhiacha, ba chleachtas fíorchruálach é seo agus chuir sé go mór leis an bplódú freisin. in 1763, rith Teach na dTeachtaí in Éirinn bille a chosc an cleachtas seo.

# 2

# Pionóis Uafásacha

Aon duine a ciontaíodh as coir, bíodh sí ina coir pholaitiúil nó eile, gearradh téarma príosúnachta orthu. Bhí na téarmaí príosúnachta sin in ainm is a bheith ag teacht le tromchúis na coire. Ba é an crochadh an pionós is mó a d'fhéadfaí a ghearradh ar dhuine. Nár chruálach íorónta mar scéal é mar sin go bhféadfaí duine a dhaoradh chun báis de bharr crann a leagadh ar chroch a bhí déanta as adhmad! Sna laethanta tosaigh, caitheadh coirp na ndaoine a crochadh isteach sa bhfarraige agus tugadh a gcloigeann mar bhéile do sheabhac an phríosúin. Mar a shamhlófá, ní mó ná sásta a bhí na hiascairí áitiúla coirp a fheiceáil ar snámh san fharraige agus diúltaíodh siad dul ag iascaireacht! Bhí droch-chríoch ar cheann de sheabhaic an phríosúin nuair a d'éirigh le príosúnach áirithe an t-éan a mharú agus é a ithe. Uch, is beag an difear a bhí idir seo agus an chanablacht, dáiríre!


Uaireanta níor leor an tsaoirse a bhaint de dhuine, is cosúil; go mion minic chuirtí pionóis chorpartha orthu chomh maith. Fuipeáil den chuid is mó, fiú i gcás na bpáistí! Go minic, ba chuid den phionós a gearradh an chéad lá é seo, ach d'fhéadfaí é a chur leis an bpionós sin de bharr mí-iompair. Cuireadh iallach ar phríosúnaigh eile an pionós seo a chur i bhfeidhm, rud a chur leis an náire – gan trácht ar an bpian – a bhain leis.

Chuirtí pionóis chorpartha ar phríosúnaigh go rialta. Fuipeáil den chuid is mó, fiú i gcás na bpáistí!



Cineál eile pionóis a bhí coitianta ná an muileann coise. Ba é an t-innealtóir sibhialta Sasanach William Cubitt a cheap an meaisín seo in 1818. Bealach a bhí ann fórsa fisiciúil na bpríosúnach a úsáid chun uisce a phumpáil nó arbhar a mheilt d'fhonn 'an díomhaointeas' a ruaigeadh. Cuireadh i bhfeidhm an pionós seo den chéad uair i bPríosún Chill Mhantáin in 1820. Is éard a bhí sa 'staighre síoraí' seo ná sorcóir leathan, toll a raibh céimeanna adhmaid air. De réir mar a chas sé, bhí ar na príosúnaigh gluaiseacht leis.

Agus suas le dhá scór príosúnach á úsáid ag aon am amháin, ba mhinic a gortaíodh daoine go dona dá bharr.




Dá rachadh d'intinn ar seachrán fiú ar feadh meandair, d'fhéadfá d'aghaidh a bhualadh agus d'fhiacla a bhriseadh agus tú ag iarraidh coinneáil suas le luas na bpríosúnach eile. Chaitheadh na príosúnaigh trí uair an chloig sa lá ag obair ar an muileann sa gheimhreadh agus ceithre huaire sa samhradh. Cuireadh deireadh leis gcleachtas seo faoi Acht na bPríosún 1898.



Is éard a bhí sa 'druil meáchain' ná meall trom cruach 11kg meáchain – amhail caor gunna mhóir, nó liathróid bhabhlála. B'éigean d'aon duine ar cuireadh daorobair air an meall a ardú go dtí airde a chliabhraigh agus é a choinneáil ansin ar feadh cúpla soicind, gan a chosa a lúbadh, ar ordú ón ngarda príosúin. Dá mhéad a d'éirigh an meall sleamhain le hallas an phríosúnaigh, ba mhó a dheacracht é a choinneáil in airde. Agus formhór na bpríosúnach lag leis an ocras cheana féin, ba phionós an-dian go deo é seo.

Bealach eile a bhí ann chun pionós a chur ar na príosúnaigh ná iad a choinneáil faoi ghaibhniú aonair san íoslach.

# 3
# Díbirt Scéiniúil Scáfar




Ba í an díbirt an chinniúint a bhí i ndán do go leor príosúnach i bPríosún Chill Mhantáin. Chuir An tAcht Iompair 1717 ar chumas údaráis na Breataine príosúnaigh a dhíbirt chuig coilíneachtaí i gcríocha i bhfad i gcéin chun téarmaí príosúnachta daoroibre seacht go ceithre bliana déag a chaitheamh. Go bunúsach, ní raibh ach rud amháin le tuiscint as seo: daoine a chur ar imirce óna dtír dhúchais agus iad a scaradh óna dteaghlaigh go deo na ndeor.

Sa chaoi seo, cuireadh an ruaig ar phríosúnaigh pholaitiúla agus mionchoirpigh araon. Ba leor builín aráin a ghoid nó a bheith gan dídean le pianbhreith na díbeartha a fhulaingt.

Faoi 1770, bhí 15,000 Éireannach seolta chuig plandálacha in Virginia, Meiriceá, agus go háiteanna eile i Meiriceá Thuaidh. Ba fhoinse shaor oibre do na plandálaithe na príosúnaigh seo. Níos déanaí, ba í an Astráil an ceann scríbe ba mhó a sheoltaí na príosúnaigh chuige. Sna blianta idir 1791 agus 1868, seoladh timpeall 50,000 Éireannach go New South Wales, Perth agus Críoch Van Diemen (an Tasmáin sa lá atá inniu ann). Chuir an rialtas chun oibre iad ag tógáil bóithre, droichead agus bailte nua, nó dáileadh amach iad ar na lonnaitheoirí a raibh saoirse acu.

Chuir na longa díbeartha chun farraige ó chalafoirt Queenstown (Cóbh) agus Kingstown (Dún Laoghaire). Bhí príosúnaigh de chuid Phríosún Chill Mhantáin i measc na 140 fear agus 25 bean ar bhord na loinge phríosúnaí Hercules a d'fhág Cóbh i mí na Samhna 1801. Sheol an Hercules go Port Jackson san Astráil agus thar bhráid Rio de Janeiro agus Rinn an Dóchais ar a bealach. Faoin am ar shroich sí an Astráil i mí an Mheithimh 1802, bhí dhá scór de na príosúnaigh tar éis bás a fháil de bharr galair, ocrais nó dúnmharaithe. Cuireadh dúnorgain i leith an chaptaein, Luckyn Betts, ach níos déanaí tugadh pardún dó.

Mar sin féin, measadh go raibh an díbirt níos daonnúla mar phionós ná na pionóis eile a gearradh ar dhaoine ag an am sin. Ba réiteach gasta an díbirt do na húdaráis: fuarthas réidh le scabhaitéirí, laghdaíodh an róphlódú sna príosúin agus an róphobalú sa tír i gcoitinne. Is deacair a shamhlú cé chomh haisteach is a bhí an tír nua seo an taobh thall den domhan do na príosúnaigh traochta; tír choimhthíoch lena talamh tor, a feirmeacha ollmhóra, an ghrian ag spalpadh anuas uirthi ó mhaidin go hoíche.



Faoi 1816, thug na húdaráis isteach longa ar leith d'fhir agus do mhná, de bhuíochas feachtasóirí ar nós Elizabeth Fry i Sasana a d'oibrigh gan staonadh ar son chearta na mbanphríosúnach.

**Fuair go leor príosúnach bás de bharr galair, ocrais, nó fiú dúnmharú, ar bord na long príosúin.**

# 4
# Who Fears to Speak of 1798



Sa bhliain 1791, bunaíodh Cumann na nÉireannach Aontaithe a raibh mar aidhm aige gach Éireannach a aontú, poblacht a bhunú agus deireadh a chur le riail dheighilteach na Breataine in Éirinn. B'ardú croí mór dóibh an méid a bhí bainte amach ag Réabhlóid na Fraince ar na mallaibh; réabhlóid a chuir deireadh le réimeas an Rí Louis XVI agus a bhean Marie Antoinette in 1793. Chaill an bheirt sin a gcloigeann, sa bhrí litriúil den nath cainte sin.

Bhris Éirí Amach na nÉireannach Aontaithe amach i mí na Bealtaine 1798. Bhí 14,000 ball de chuid na nÉireannach Aontaithe i gContae Chill Mhantáin, níos mó ná in aon chontae eile sa tír.

Caitheadh isteach sa phríosún go leor daoine a raibh amhras ann faoina mballraíocht sa chumann. Ba cheannaire ar na reibiliúnaigh Billy Byrne, arb as Baile Mhánais i gContae Chill Mhantáin dó ó dhúchas. Throid sé sna cathanna móra ar an Inbhear Mór, i gCnoc Fhiodh na gCaor agus i mBaile Haicéid. Ciontaíodh é i láthair fianaise a thug an finné íoctha a dtugtar 'Croppy Biddy' uirthi. Chaith na gardaí go fabhrach leis i bPríosún Chill Mhantáin. Bhí a chillín féin aige agus tugadh cead dó siúl timpeall an phríosúin gan srian, fad is a coimeádadh príosúnaigh eile ceangailte den urlár le slabhraí. Fuair sé féin béile laethúil, cé go mbíodh an t-ádh ar phríosúnaigh eile dá dtabharfaí greim le hithe dóibh uair gach cúpla lá. Ina ainneoin sin, tugadh Billy ar chairt chapaill go 'Gallows Lane' (Bóthar na Carraige sa lá atá inniu ann) agus crochadh ann go poiblí é an 26 Meán Fómhair 1799. Tháinig slua chuig an gcrochadh ó chian agus ó chóngar leis an tsiamsaíocht phoiblí saor in aisce seo a fheiceáil, cuid acu agus picnic leo. Crochadh go leor reibiliúnach ó na galláin os cionn phríomhdhoras isteach an phríosúin. Bhí sé mar aidhm ag an gcrochadh poiblí seo ceap magaidh poiblí a dhéanamh den phríosúnach agus rabhadh a thabhairt d'ábhar ciontóirí eile.



Mhair an t-éirí amach i gCill Mhantáin cúig bliana san iomlán, i bhfad níos faide ná in aon limistéir eile sa tír. Cuireadh deireadh leis nuair a gabhadh agus a díbríodh ón tír Michael Dwyer (a dtugtaí 'Taoiseach Chill Mhantáin' air) in 1803.

I measc na ndeoraithe cáiliúla eile ó Chontae Chill Mhantáin a díbríodh chun na hAstráile i rith na tréimhse corraithí seo bhí an Ginearál Joseph Holt agus James 'Napper' Tandy.

**Crochadh go leor reibiliúnach ó na galláin os cionn phríomhdhoras isteach an phríosúin.**

Tógadh beairicí Ghleann Crí, Ghleann Molúra agus Achadh Mheánach agus an Seanbhóthar Míleata ag an am seo agus rialtas na Breataine ag iarraidh smacht a fháil ar ais ar Shléibhte Chill Mhantáin agus na reibiliúnaigh a ruaigeadh.

Ba fhadhb mhór an róphlódú i bPríosún Chill Mhantáin ag an am seo de bharr an líon mór reibiliúnach a gabhadh agus a coimeádadh ann agus bhí imní ar na húdaráis go bhféadfadh na ballaí titim uathu.

Ba é Hugh Vesty Byrne, ceannaire eile ar na reibiliúnaigh a throid i gcuideachta Billy Byrne, an t-aon phríosúnach amháin i rith stair fhada an phríosúin ar éirigh leis éalú agus nár gabhadh ina phríosúnach arís é. Ba chol ceathrair é leis an mbeirt reibiliúnach cáiliúil, Michael Dwyer agus Anne Devlin.

# 5

# Leasú go cinnte más go mall féin a bhí sé



Le tús Ré na hEagnaíochta ar fud na hEorpa san ochtú haois déag, thosaigh fealsúna agus intleachtóirí na linne ar fhiosrú a dhéanamh ar gach gné den tsochaí. Ní nach ionadh mar sin go bhfuair siad léargas ar chruatan shaol an phríosúin agus gur theastaigh uathu leasuithe a chur i bhfeidhm.

Thug Jeremiah Fitzpatrick cuairt ar Phríosún Chill Mhantáin in 1785. Sa tuairisc a chuir sé faoi bhráid Theach na dTeachtaí ina dhiaidh sin, luaigh sé gur aimsigh sé fear amháin a raibh na blianta fada caite aige go dubhach sa phríosún 'mar gheall ar neamhíoc táillí', in ainneoin an choisc reachtúil a bhí curtha ar an gcleachtas seo le scór bliain anuas. Fuair sé an post mar an chéad Ardchigire um Príosúin an bhliain dár gcionn. Leag reachtaíocht a tugadh isteach in 1786 síos na coinníollacha a bhain le cigireachtaí agus tuairiscí rialta a dhéanamh ar phríosúin agus leagadh síos trí rialachán déag, arbh é an chéad cheann: 'Go mbeidh sé in aghaidh an Dlí d'aon Bhean bheith ina Rialtóir ar aon Phríosún'. Ar an dea-uair, ní ghlacfaí lena leithéid de 'leasú' sa lá atá inniu ann. Thug leasaitheoir eile, John Howard, cuairt ar Phríosún Chill Mhantáin in 1788 agus tharraing sé aird ar chomh dona agus a bhí na coinníollacha sláintíochta sa phríosún. Mhol sé go gcuirfí aoldath ar bhallaí na gcillíní agus go n-athrófaí an tuí a bhí iontu go rialta.

Nuair a cuireadh leis an bpríosún idir na blianta 1820 agus 1843, rinneadh cinnte de na foirgnimh a fheabhsú, córas aerála a chur isteach, clóis aclaíochta a leagan amach, agus na príosúnaigh a scaradh amach óna chéile de réir inscne, stádais agus thromchúis na coire a bhí déanta acu. Faoi 1826, bhí Príosún Chill Mhantáin ag íoc tuarastal le gardaí an phríosúin, beirt séiplíneach, banoifigeach

príosúin, máistir scoile, agus cigire áitiúil. Sa bhliain 1843 bhí líon na gcillíní méadaithe go seachtó a seacht. Chiallaigh sé seo go raibh sé d'acmhainn ag údaráis an phríosúin príosúnaigh a choimeád i gcillíní aonair ar feadh tamall gearr.

Ba bheag an tairbhe – go deimhin dochar a rinneadh trí spuaiceanna a chur ar a lámha agus fuil a bhaint dá méara – a bhain na príosúnaigh as obair shuarach a dhéanamh amhail clocha a bhriseadh le casúr nó cornaí rópaí garbha a scaoileadh lena n-athúsáid. Múineadh an léamh, an scríobh agus an uimhríocht do na príosúnaigh agus fuair na banphríosúnaigh oiliúint bhreise sa chniotáil, san fhuáil, sa sníomh agus san fhíodóireacht. Ceapadh Edward Storey, iarbhall de na fórsaí armtha, ina Rialtóir ar an bpríosún in 1866. Bhí sé mar chúram aige comhbhá a léiriú leis na príosúnaigh agus timpeallacht shábháilte, shláintiúil a chothú ina bhféadfadh na príosúnaigh oideachas ceart a fháil. Bhí cosc iomlán ar bhreabanna a ghlacadh nó príosúnaigh a chéasadh.



# 6


# An Gorta Mór

Faoi 1841, bhí formhór dhaonra na hÉireann, timpeall 8 milliún duine ag an am, ag brath ar phrátaí mar phríomhbhia.

Tháinig an dubh ar na prátaí den chéad uair i gceantar Shíol Éalaigh i gContae Chill Mhantáin i mí Dheireadh Fómhair 1845 agus ní fada go raibh an boladh bréan le brath ar fud na tuaithe. Bunaíodh coistí fóirithinte chun obair i gcomhar leis an rialtas agus bearta fóirithinte a chomhordú. Cuireadh ar bun oibreacha fóirithinte chun fostaíocht a chur ar fáil, ach níor mhair sé seo i bhfad agus cuireadh críoch iomlán leis na hoibreacha nuair a bhí athrú rialtais ann an bhliain dár gcionn. Mar bharr ar an donas, theip ar an tionscal iascaireachta scadán ar an Inbhear Mór san am céanna.

Agus ardú mór ag teacht ar phraghsanna agus an bia a bheith gann, ba ghearr go raibh tithe na mbocht sa chontae lán. Ar ndóigh, tháinig ardú ar an ráta coireachta, agus tharla buirgléireacht agus goid caorach agus beithíoch go forleathan.

Bhí na cúirteanna an-ghnóthach, agus faoin mbliain 1848 bhí 780 príosúnach á gcoimeád sna seacht gcillín is seachtó i bPríosún Chill Mhantáin – an líon ba mhó príosúnach a bhí ann riamh.



Bhí dhá bhéile in aghaidh an lae le fáil sa phríosún agus bhí na daoine chomh hocrach sin go mbriseadh siad an dlí d'aon ghnó ar mhaithe le háit a fháil ar an taobh istigh.

Faoi 1849, tugadh min, arán agus bainne do na príosúnaigh in áit na bprátaí. De réir an tseanchais, deirtear go raibh cait an phríosúin ag fáil bháis den ocras ag an am seo de bharr an easpa luch mhór agus luchóige a bhí san áit. Is cosúil go raibh na hainmhithe loma tanaí seo á n-ithe go fonnmhar ag na daoine bochta a bhí ag fáil bháis den ocras taobh istigh agus taobh amuigh den phríosún.

Sna 1850í agus 1860í, tháinig na sluaite imirceach ar lorg oibre i gContae Chill Mhantáin. Fuair siad obair i mianaigh Abhóca, ag tógáil an iarnróid, ag forbairt chalafoirt an Inbhir Mhóir agus Chill Mhantáin, agus ag tógáil Thaiscumar Fheartraí. Agus iad ag saothrú go maith, caitheadh roinnt díobh isteach sa phríosún de bharr iad a bheith ar meisce agus mí-iomprach.

**Faoin mbliain 1848 bhí 780 príosúnach á gcoimeád sna 77 cillín i bPríosún Chill Mhantáin – an líon ba mhó príosúnach a bhí ann riamh.**

# 7
# Ligigí do na Leanaí



I lár an naoú haois déag, coimeádadh na mílte páiste i gcuideachta daoine fásta i bpríosúin na hÉireann. Rugadh cuid acu sin sa phríosún, ach cuid eile bhí siad ann de bharr mionchoireanna a rinne siad. Ba iad troid agus goid na cionta is mó a rinne páistí agus is deacair dúinn a shamhlú anois cé chomh scanraithe agus a bhíodh siad nuair a thugadh siad faoi deara go raibh téarma príosúnachta i ndán dóibh.


In 1847, gearradh mí amháin ar Laurence Murphy, buachaill 14 bliana d'aois, as mí-iompar i dTeach na mBocht Bhealach Conglais. Ag an am sin, bhí an bia níos fairsinge taobh istigh den phríosún ná taobh amuigh, agus tá seans ann gurb in an rud a spreag a chuid iompair.

In 1848, gearradh seachtain amháin ar Thomhas Pitt arb as Carn an Bhua dó, agus fuair sé fuipeáil as 2 scilling a ghoid ó sparán mná i mBré. Cuireadh ar taifead nach raibh léamh ná scríobh aige agus go raibh sé ag obair mar shaothraí ag an am. Is dócha gur dílleachta a bhí ann.

Sa bhliain chéanna, gearradh bliain amháin daoroibre ar John Weadock as spíonáin a ghoid. Gearradh téarma coicíse ar a dheirfiúracha Margaret, ocht mbliana, agus Mary Anne Spenser, naoi mbliana, i bPríosún Chill Mhantáin as 'díobháil mhailíseach a dhéanamh ar adhmad'. Bhí athrú ag teacht ar mheon an phobail maidir le leanaí a chur chun príosúin, áfach, agus osclaíodh an chéad scoil cheartúcháin in Éirinn in 1858. Faoi 1912, ní raibh ach cúigear leanaí á gcoimeád i bpríosúin na hÉireann.

**In 1848, gearradh seachtain amháin príosúnachta ar Thomhas Pitt arb as Carn an Bhua dó, agus fuair sé fuipeáil as 2 scilling a ghoid ó sparán mná i mBré.**

# 8
# Erskine Childers



Rugadh Robert Erskine Childers i Londain an 25 Meitheamh 1870. Chaith sé cuid mhaith dá óige i dTeach Ghleann Dá Loch, Áth na mBó, Contae Chill Mhantáin, áit a raibh teach ag muintir a mháthar.

Throid sé ar thaobh fhórsaí armtha na Breataine i gCogadh na mBórach (1899– 1902) san Afraic Theas, ach ina dhiaidh chaill sé dóchas in Impireacht na Breataine agus ghlac sé páirt sa troid ar son shaoirse na hÉireann. Chuaigh sé isteach in Óglaigh na hÉireann agus smiugleáil sé gunnaí Gearmánacha isteach sa tír ar a luamh an *Asgard* in 1914; eachtra stairiúil ar a dtugtar 'Tabhairt i dtír na ngunnaí i mBinn Éadair' uirthi.

Is Childers a scríobh an leabhar 'The Riddle of the Sands', ceann de na chéad úrscéalta spiaireachta a foilsíodh riamh. Bhí an-tóir ar an leabhar sna blianta tar éis a fhoilsithe in 1903. Rinneadh scannán de sa bhliain 1979 freisin.

Bhí sé ina bhall den toscaireacht Éireannach a ghlac páirt in idirbheartaíocht an Chonartha Angla-Éireannaigh, ach chuir sé in aghaidh an dréachta dheireanaigh den Chonradh, go háirithe an chuid de a shonraigh go raibh Mionn Dílseachta don Rí Seoirse V le glacadh ag na ceannairí Éireannacha.

Ar an 10 Samhain 1922, le linn Chogadh na gCarad, gabhadh é in Áth na mBó agus ciontaíodh é as bheith i seilbh gunna láimhe gan cheadúnas, bronntanas a bhí faighte aige ó Mhícheál Ó Coileáin. Coimeádadh é i bPríosún Chill Mhantáin ar feadh trí lá sular aistríodh go beairic Thor an Bhacaigh i mBaile Átha Cliath é, áit ar lámhach scuad de chuid Arm Náisiúnta na hÉireann é. Ba bheag a cheap sé go dtoghfaí a mhac, Erskine Junior, a bhí sé bliana déag d'aois ag an am, mar an gceathrú Uachtarán ar Éirinn in 1973.



Fuair sé bás go calma. Ba iad na focail dheireanacha a bhí aige ná 'Tóg céim nó dhó chun tosaigh, a bhuachaillí, beidh sé níos éasca oraibh an bealach sin.'

# 9

# Laethanta Deiridh/ Tús Nua

Nuair a osclaíodh Príosún Mhuinseo i mBaile Átha Cliath in 1850, chaill Príosún Chill Mhantáin a stádas mar phríosún agus rinneadh smachtlann de – áit a bhféadfaí príosúnaigh a choimeád ar feadh téarmaí príosúnachta gearra. I ndaonáireamh 1901, cuireadh ar taifead nach raibh ach duine amháin sa phríosún an oíche sin.

Dúnadh Príosún Chill Mhantáin ag tús na 1900í, ach osclaíodh arís é nuair a lonnaíodh Reisimint Cheshire de chuid Arm na Breataine ann.




*Graifítí de chuid Reisimint Cheshire i bPríosún Chill Mhantáin –*
*© Comhairle Contae Chill Mhantáin*

Idir 1922 agus 1924 bhí Arm Náisiúnta rialtas idirthréimhseach na hÉireann lonnaithe ann agus coimeádadh go leor príosúnach poblachtánach ann.

Dúnadh an Príosún go buan in 1924 agus ghlac Comhairle Contae Chill Mhantáin seilbh air i mí na Nollag an bhliain sin. Faoi dheireadh, in 1985, mhol coiste comhairleach an príosún a athoscailt mar ionad oidhreachta. Fuarthas maoiniú ón Aontas Eorpach chun obair mhór athchóirithe a dhéanamh air.

D'oscail an tUachtarán Máire Mhic Ghiolla Íosa Príosún Stairiúil Chill Mhantáin go hoifigiúil ar an 30 Bealtaine 1998.



## Tuilleadh Léitheoireachta

Kavanagh, Joan, 'Wicklow County Gaol',
*Roundwood & District History & Folklore Journal*, No. 4 (1991).

O'Reilly, Stan J., in conjunction with Abbey Community College, 'Aspects of Wicklow Gaol' (2007).

Wicklow Gaol Education Pack (1998).

# Tuilleadh foilseachán le Carmel Uí Cheallaigh




**Man of the People**
**Fr William Doyle SJ**
ISBN: 9780993198939




**R.M.S. Leinster**
**The Forgotten Tragedy**
ISBN: 9780993198953




**Kevin Barry**
ISBN: 9781781177433




**Anna Haslam**
**Pioneering Suffragette**
ISBN: 9780993198991

**www.carmelsbooks.com**



## COMÓRADH CÉAD BLIAIN



Chuaigh na mílte fear, ban agus páistí trí gheataí **Phríosún Chill Mhantáin**. Bhí ar choirpigh choitianta agus reibiliúnaithe Éireannacha araon aghaidh a thabhairt ar phionóis phianmhara, gardaí príosúin cama agus coinníollacha uafásacha. Le linn imeachtaí móra i stair na hÉireann, lena n-áirítear Éirí Amach 1798, an Gorta Mór, agus Cogadh na gCarad, bhí laochra na tíre faoi ghlas taobh thiar de bhallaí an phríosúin.

Cuireadh roinnt príosúnach chun báis ar thalamh an phríosúin agus díbríodh go leor eile go tailte i bhfad i gcéin.

Céad bliain tar éis dó dúnadh den uair dheireanach, tá scéal scéiniúil le hinsint ag Príosún Chill Mhantáin. Tugaimid do dhúshlán teacht thar dhoras isteach...

9 780953 390465

WICKLOW
ENDLESS OPPORTUNITIES

Meanma Saor

Clár Éire Ildánach
Creative Ireland
Programme
2017–2022

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media